**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0212/2024**

3.4.2024

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le deireadh a chur leis an gComhaontú Glas don Eoraip

**Emmanouil Fragkos**

**B9-0212/2024**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le deireadh a chur leis an gComhaontú Glas don Eoraip**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar réaltachtaí geopholaitiúla ó formheasadh an Comhaontú Glas don Eoraip;

B. de bhrí go mbíonn tionchar diúltach ag agóidí leanúnacha na bhfeirmeoirí ar fud an Aontais, lena leagtar béim ar iarmhairtí díobhálacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéisí a eascraíonn as sin, ar fheidhmiú laethúil earnáil talmhaíochta na hEorpa agus ar an ionchas a bheidh aici amach anseo;

C. de bhrí go mbíonn tionchar tubaisteach ag an gComhaontú Glas don Eoraip agus na straitéisí a eascraíonn as ar ár dtáirgeadh, a mbíonn laghdú ar onnmhairí agus méadú ar allmhairí mar thoradh air;

D. de bhrí go bhfuil athrú suaithinseach tagtha ar chumhacht cheannaigh na meánteaghlach;

1. á thabhairt chun suntais go mbíonn éifeachtaí díobhálacha ag an gComhaontú Glas don Eoraip ar earnáil talmhaíochta na hEorpa, ar thionsclaíocht na hEorpa agus ar chumhacht cheannaigh na ngnáth-theaghlach;

2. ag tathant ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an bParlaimint caibidlíocht a atosú d'fhonn an Comhaontú Glas don Eoraip a scriosadh.